C/2024/3867

18.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11598 – MARUBENI / CERTAIN PARTS OF TRUSTENERGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3867)

1. An 10 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Marubeni Corporation ('Marubeni', an tSeapáin),

— Codanna áirithe de TrustEnergy BV ('TrustEnergy', an Ísiltír; na codanna ábhartha de TrustEnergy dá ngairtear anseo feasta 'TrustEnergy Subsidiaries', an Phortaingéil), atá faoi rialú comhpháirteach Marubeni agus Engie SA (an Fhrainc) faoi láthair.

Gheobhaidh Marubeni rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar TrustEnergy Subsidiaries ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta thrádála agus infheistíochta Seapánach í Marubeni atá gníomhach ar fud an domhain agus a bhfuil gníomhaíochtaí gnó éagsúla aici i réimse leathan earnálacha tionscail, lena n-áirítear, i measc nithe eile, tionscadail fuinnimh, chumhachta agus bhonneagair,

— Is comhfhiontar é TrustEnergy idir Marubeni agus Engie a oibríonn san earnáil giniúna leictreachais sa Phortaingéil. Is éard atá in TrustEnergy Subsidiaries gléasraí giniúna leictreachais ina n-úsáidtear gaoth nó gás nádúrtha, agus tionscadail forbartha chun leictreachas a ghiniúint le grianfhuinneamh agus le táirgeadh hidrigine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11598 – MARUBENI / CERTAIN PARTS OF TRUSTENERGY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OI C 160, 5 Bealtaine 2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË